

CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1668 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Meán Fómhair 2022

maidir le caighdeán chomhchuibhithe i dtaca le trealamh agus le córais chosanta atá ceaptha lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach, caighdeán a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe d'Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, táirgí atá i gcomhréir le caighdeán chomhchuibhithe nó le codanna de chaighdeán chomhchuibhithe, caighdeán ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil siad i gcomhréir leis na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin, ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeán sin nó leis na codanna sin díobh.
- (2) Le litir BC/CEN/46-92 – BC/CLC/05-92 an 12 Nollaig 1994, rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil (Cenelec) caighdeán chomhchuibhithe a dhréachtú agus a athbhreithniú chun tacú le Treoir 94/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ (“an iarraidh”). Cuireadh Treoir 2014/34/AE in ionad na Treorach sin gan athrú a dhéanamh ar na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 94/9/CE. Is in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/34/AE a leagtar amach na ceanglais sin faoi láthair.
- (3) Go háirithe, iarraidh ar CEN agus Cenelec caighdeán nua a dhréachtú maidir le dearadh agus tástáil trealamh atá le húsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach mar a léirítear i gCaibidil I den chlár caighdeánúcháin a comhaontaíodh idir CEN, Cenelec agus an Coimisiún, clár a cuireadh i gceangal leis an iarraidh. Ina theannta sin, iarraidh ar CEN agus Cenelec na caighdeán a bhí ann cheana a athbhreithniú d'fhonn iad a ailíniú le buncheanglais sláinte agus sábháilteachta Threoir 94/9/CE.
- (4) Ar bhonn na hiarrata, dhréachtaigh CEN caighdeán comhchuibhithe “EN 15967:2022 - Uasbhrú pléascacha agus an t-uasráta ardaithe brú gás agus gal a chinneadh”.
- (5) Rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint an gcomhlíonann caighdeán “EN 15967:2022” a dhréachtaigh CEN an iarraidh.

⁽¹⁾ IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

⁽²⁾ Treoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach (IO L 96, 29.3.2014, lch. 309).

⁽³⁾ Treoir 94/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Márta 1994 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach (IO L 100, 19.4.1994, lch. 1).

- (6) Comhlíonann caighdeán “EN 15967:2022” na ceanglais is aidhm dó a chumhdach agus a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/34/AE. Is iomchuí dá bhrí sin an tagairt don chaighdeán sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (7) Cuirtear caighdeán “EN 15967:2022” in ionad chaighdeán EN 15967:2011. Dá bhrí sin, is gá an tagairt do chaighdeán “EN 15967:2011” a foilsíodh i dTeachtaireacht 2018/C 371/01 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ a tharraingt siar as sraith C d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (8) Chun a ndóthain ama a thabhairt do mhonaróirí a gcuid táirgí a oiriúnú don leagan athbhreithnithe de chaighdeán “EN 15967:2011”, is gá tarraingt siar na tagartha don chaighdeán sin a chur siar.
- (9) Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúnaíocht, na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/34/AE agus a chomhlíonann na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ba cheart liosta iomlán de na tagairtí sin a fhoilsiú in aon ghníomh amháin. Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/34/AE, is i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1202 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾ agus i dTeachtaireacht 2018/C 371/01 atá siad foilsithe faoi láthair.
- (10) Rinneadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1202 a leasú go substaintiúil roinnt uaireanta. Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúnaíocht, agus ós rud é gur gá leasú breise a dhéanamh ar an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin, ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin a aisghairm agus a ionadú.
- (11) Tarraingíodh siar go leor de na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a foilsíodh i dTeachtaireacht 2018/C 371/01. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1202, déantar foráil maidir le tarraingt siar na dtagairtí atá fágtha do na caighdeáin chomhchuibhithe a foilsíodh leis an Teachtaireacht sin. Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúnaíocht, ba cheart Teachtaireacht 2018/C 371/01 a aisghairm. Chun a ndóthain ama a thabhairt do mhonaróirí a gcuid táirgí a oiriúnú do na leaganacha athbhreithnithe de na caighdeáin lena mbaineann, ba cheart go leanfadh Teachtaireacht 2018/C 371/01 d’fheidhm a bheith aici go dtí na dátaí a tharraingeofar siar na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe lena mbaineann a foilsíodh leis an Teachtaireacht sin.
- (12) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeán sin a fhágann go ngactar leis go bhfuil comhréireacht ann leis na bunceanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe i dtaca le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha lena n-úsáid in atmaisféir a d’fhéadfadh a bheith pléascach chun tacú le Treoir 2014/34/AE, tagairtí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, foilsítear leis seo iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1202.

⁽⁴⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Threoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuíbhíú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha lena n-úsáid in atmaisféir a d’fhéadfadh a bheith pléascach (Foilsíú teideal caighdeán comhchuibhithe agus tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais) (IO C 371, 12.10.2018, lch. 1).

⁽⁵⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1202 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2019 maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe i dtaca le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha lena n-úsáid in atmaisféir a d’fhéadfadh a bheith pléascach, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 189, 15.7.2019, lch. 71).

Airteagal 3

Aisghairtear Teachtaireacht 2018/C 371/01. Beidh feidhm aici go fóill, áfach, i leith na dtagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo go dtí na dátaí a tharraingeofar siar na tagairtí sin.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
1.	EN 1010-1:2004+A1:2010 Sábháilteacht innealra - Ceanglais sábháilteachta maidir le dearadh agus tógáil meaisíní priontála agus tiontaithe páipéir - Cuid 1: Ceanglais choiteanna
2.	EN 1010-2:2006+A1:2010 Sábháilteacht innealra - Ceanglais sábháilteachta maidir le dearadh agus tógáil meaisíní priontála agus tiontaithe páipéir - Cuid 2: Meaisíní priontála agus vearnaíseála lena n-áirítear innealra réamhphreasa
3.	EN 1127-1:2019 Atmaisféir phléascacha - Pléascadh a chosc agus cosaint ar phléascadh - Cuid 1: Bunchoincheapa agus modheolaíocht
4.	EN 1127-2:2014 Atmaisféir phléascacha - Pléascadh a chosc agus cosaint ar phléascadh - Cuid 2: Bunchoincheapa agus modheolaíocht le haghaidh mianadóireachta
5.	EN 1755:2015 Trucaílí tionsclaíocha - Ceanglais sábháilteachta agus fíorú sábháilteachta - Ceanglais bhreise maidir le hoibriú in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach
6.	EN 1834-1:2000 Innill dócháin inmheánaigh fhrithingeacha - Ceanglais sábháilteachta maidir le dearadh agus tógáil inneall lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach - Cuid 1: Innill Ghrúpa II lena n-úsáid in atmaisféir gáis agus gaile inadhainte
7.	EN 1834-2:2000 Innill dócháin inmheánaigh fhrithingeacha - Ceanglais sábháilteachta maidir le dearadh agus tógáil inneall lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach - Cuid 2: Innill Ghrúpa I lena n-úsáid in oibreacha faoi thalamh atá soghabhálach i leith gás mianaigh agus/nó deannach indóite
8.	EN 1834-3:2000 Innill dócháin inmheánaigh fhrithingeacha - Ceanglais sábháilteachta maidir le dearadh agus tógáil inneall lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach - Cuid 3: Innill Ghrúpa II lena n-úsáid in atmaisféir deannaigh inadhainte
9.	EN 1839:2017 Na teorainneacha pléascacha agus an tiúchan teorantach ocsaigine (LOC) a chinneadh i gcás gáis agus gala inadhainte
10.	EN 1953:2013 Trealamh adamhaithe agus spraeála le haghaidh ábhair bhrataithe — Ceanglais sábháilteachta
11.	EN 12581:2005+A1:2010 Gléasra brataithe - Innealra le haghaidh bratú tumtha agus leictridheascadh ábhar leachtach orgánach brataithe - Ceanglais sábháilteachta
12.	EN 12621:2006+A1:2010 Innealra le haghaidh soláthar agus cúrsaíocht ábhar brataithe faoi bhrú - Ceanglais sábháilteachta

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
13.	EN 12757-1:2005+A1:2010 Innealra measctha le haghaidh ábhair bhrataithe - Ceanglais sábháilteachta - Cuid 1: Innealra measctha lena úsáid in ath-bhailchríochnú feithiclí
14.	EN 13012:2021 Stáisiúin pheitрил - Tógáil agus feidhmíocht buinní uathoibríocha lena n-úsáid ar dháileoirí breosla
15.	EN 13237:2012 Atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach - Téarmaí agus sainmhínte maidir le trealamh agus córais chosanta atá beartaithe lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach
16.	EN 13616-1:2016 Gairis chun rólónadh a chosc le haghaidh umair statacha i gcomhair breoslaí leachtacha - Cuid 1: Gairis chun rólónadh a chosc a bhfuil dúntán orthu
17.	EN 13617-1:2021 Stáisiúin pheitрил - Cuid 1: Ceanglais sábháilteachta maidir le tógáil agus feidhmíocht caidéal méadraithe, dáileoirí agus aonad caidéalaithe cianda
18.	EN 13617-2:2021 Stáisiúin pheitрил - Cuid 2: Ceanglais sábháilteachta maidir le tógáil agus feidhmíocht bristeacha sábháilteachta lena n-úsáid ar chaidéil mhéadraithe agus ar dháileoirí
19.	EN 13617-3:2021 Stáisiúin pheitрил - Cuid 3: Ceanglais sábháilteachta maidir le tógáil agus feidhmíocht comhlaí fiartha
20.	EN 13617-4:2021 Stáisiúin pheitрил - Cuid 4: Ceanglais sábháilteachta maidir le tógáil agus feidhmíocht sclóinte lena n-úsáid ar chaidéil mhéadraithe agus ar dháileoirí
21.	EN 13760:2021 Trealamh agus oiriúintí GPL - Córas líonta GPL mótarfeithiclí le haghaidh feithiclí éadroma agus feithiclí tromshaothair - Buinne, ceanglais tástála agus toisí
22.	EN 13852-1:2013 Craenacha - Craenacha amach ón gcósta - Cuid 1: Craenacha ilchuspóireacha amach ón gcósta
23.	EN 13852-3:2021 Craenacha - Craenacha amach ón gcósta - Cuid 3: Craenacha éadroma amach ón gcósta Fógra 1: Na tagairtí normatacha dá dtagraítear i gclásal 2 de chaighdeán comhchuibhithe EN IEC 60079-0:2018, is é an léamh a dhéanfar orthu gur tagairtí do EN IEC 60079-0:2018 arna cheartú le EN IEC 60079-0:2018/AC:2020-02 atá iontu Fógra 2: Na tagairtí normatacha dá dtagraítear i gclásal 2 de chaighdeán comhchuibhithe EN ISO 80079-36:2016, is é an léamh a dhéanfar orthu gur tagairtí do EN ISO 80079-36:2016 arna cheartú le EN ISO 80079-36:2016/AC:2019 atá iontu. Srian: ní chumhdaíonn an foilseachán seo an chuid seo a leanas den chaighdeán: an colún “Barúlacha/Nótaí” i dTábla ZB.1
24.	EN 14034-1:2004+A1:2011 Saintréithe pléascctha scamall deannaigh a chinneadh - Cuid 1: Uasbhrú pléascctha pmax na scamall deannaigh a chinneadh

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
25.	EN 14034-2:2006+A1:2011 Saintréithe pléasctha scamall deannaigh a chinneadh - Cuid 2: An t-uasráta ardaithe brú pléasctha (dp/dt) uasta scamall deannaigh a chinneadh
26.	EN 14034-3:2006+A1:2011 Saintréithe pléasctha scamall deannaigh a chinneadh - Cuid 3: Íosteorainn sopléascachta LEL scamall deannaigh a chinneadh
27.	EN 14034-4:2004+A1:2011 Saintréithe pléasctha scamall deannaigh a chinneadh - Cuid 4: Tiúchan teorantach ocsaigine LOC scamall deannaigh a chinneadh
28.	EN 14373:2021 Córais phlúchta pléisce
29.	EN 14460:2018 Trealamh atá frithsheasmhach in aghaidh pléasctha
30.	EN 14491:2012 Córais chosanta chun pléascán deannaigh a scaoileadh
31.	EN 14492-1:2006+A1:2009 Craenacha - Crainn tochrais agus ardaitheoirí cumhacht-thiomáinte - Cuid 1: Crainn tochrais chumhacht-thiomáinte EN 14492-1:2006+A1:2009/AC:2010
32.	EN 14492-2:2006+A1:2009 Craenacha - Crainn tochrais agus ardaitheoirí cumhacht-thiomáinte - Cuid 2: Ardaitheoirí cumhacht-thiomáinte EN 14492-2:2006+A1:2009/AC:2010
33.	EN 14522:2005 Teocht uathadhainte gás agus gal a chinneadh
34.	EN 14591-1:2004 Pléascadh a chosc agus cosaint ar phléascadh i mianaigh faoi thalamh - Córais chosanta - Cuid 1: Struchtúr aerála pléascdhíonach 2-bharra EN 14591-1:2004/AC:2006
35.	EN 14591-2:2007 Pléascadh a chosc agus cosaint ar phléascadh i mianaigh faoi thalamh - Córais chosanta - Cuid 2: Bacainní umair uisce éighníomhacha EN 14591-2:2007/AC:2008
36.	EN 14591-4:2007 Pléascadh a chosc agus cosaint ar phléascadh i mianaigh faoi thalamh - Córais chosanta - Cuid 4: Córais mhúchta uathoibríocha le haghaidh géag-ghearrthóirí EN 14591-4:2007/AC:2008
37.	EN 14677:2008 Sábháilteacht innealra - Déanamh cruach tánaisteach - Innealra agus trealamh chun cruach leachtach a chóireáil
38.	EN 14678-1:2013 Trealamh agus oiriúintí GPL - Tógáil agus feidhmíocht trealamh LPG le haghaidh stáisiúin seirbhíse mótarfeithiclí - Cuid 1: Dáileoírí

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
39.	EN 14681:2006+A1:2010 Sábháilteacht innealra - Ceanglais sábháilteachta maidir le hinnealra agus trealamh chun cruach a tháirgeadh le stuafhoirnéisí leictreacha
40.	EN 14797:2006 Gairis chun pléascán a scaoileadh
41.	EN 14973:2015 Criosanna iompair lena n-úsáid i suiteálacha faoi thalamh - Ceanglais sábháilteachta leictreacha agus inadhainteachta
42.	EN 14983:2007 Pléascadh a chosc agus cosaint ar phléascadh i mianaigh faoi thalamh - Trealamh agus córais chosanta chun gás mianaigh a dhraenáil
43.	EN 14986:2017 Dearadh gaothrán a oibrítear in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach
44.	EN 14994:2007 Córais chosanta chun pléascán gáis a scaoileadh
45.	EN 15089:2009 Córais leithlisithe pléisce
46.	EN 15188:2020 Iompraíocht uathadhainte carn deannaigh a chinneadh
47.	EN 15198:2007 Modheolaíocht chun measúnú riosca a dhéanamh ar threalamh neamhleictreach agus ar chomhpháirteanna atá beartaithe lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach
48.	EN 15233:2007 Modheolaíocht chun measúnú sábháilteachta feidhmiúla a dhéanamh ar chórais chosanta le haghaidh atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach
49.	EN 15268:2008 Stáisiúin pheitрил — Ceanglais sábháilteachta maidir le cóimeálacha caidél intumtha a thógáil
50.	EN 15794:2009 Pointí pléasccha leachtanna inadhainte a chinneadh
51.	EN 15967:2022 Uasbhrú pléasccha agus an t-uasráta ardaithe brú gás agus gal a chinneadh
52.	EN 16009:2011 Gairis chun pléascán gan lasair a scaoileadh
53.	EN 16020:2011 Atreodóirí pléasccha
54.	EN 16447:2014 Comhláí plapa leithlisithe pléasccha
55.	EN ISO 16852:2016 Coscairí lasair - Ceanglais feidhmíochta, modhanna tástála agus teorainneacha úsáide (ISO 16852:2016)

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
56.	EN 17077:2018 Iompraíocht dhó sraitheanna deannaigh a chinneadh
57.	EN 50050-1:2013 Trealamh spraeála láimhe leictreastatach - Ceanglais sábháilteachta - Cuid 1: Trealamh spraeála láimhe le haghaidh ábhair leachtacha bhrataithe inadhainte
58.	EN 50050-2:2013 Trealamh spraeála láimhe leictreastatach - Ceanglais sábháilteachta - Cuid 2: Trealamh spraeála láimhe le haghaidh púdar brataithe inadhainte
59.	EN 50050-3:2013 Trealamh spraeála láimhe leictreastatach - Ceanglais sábháilteachta - Cuid 3: Trealamh spraeála láimhe le haghaidh focas inadhainte
60.	EN 50104:2010 Gaireas leictreach chun ocsaigin a bhrath agus a thomhas - Ceanglais feidhmíochta agus modhanna tástála
61.	EN 50176:2009 Trealamh leata leictreastatach do-aistrithe le haghaidh ábhar leachtach brataithe inadhainte - Ceanglais sábháilteachta
62.	EN 50177:2009 Trealamh leata leictreastatach do-aistrithe le haghaidh púdair bhrataithe inadhainte - Ceanglais sábháilteachta EN 50177:2009/A1:2012
63.	EN 50223:2015 Trealamh leata leictreastatach do-aistrithe le haghaidh ábhar flocais inadhainte - Ceanglais sábháilteachta
64.	EN 50271:2018 Gaireas leictreach chun gáis indóite, gáis thocsaineacha nó ocsaigin a bhrath agus a thomhas - Ceanglais agus tástálacha maidir le gaireas ina n-úsáidtear bogearraí agus/nó teicneolaíochtaí digiteacha
65.	EN 50281-2-1:1998 Gaireas leictreach lena úsáid i láthair deannaigh indóite - Cuid 2-1: Modhanna tástála - Modhanna chun íosteochtaí adhainte deannaigh a chinneadh EN 50281-2-1:1998/AC:1999
66.	EN 50303:2000 Trealamh Ghrúpa I, Chatagóir M1 atá beartaithe chun a bheith feidhmiúil go fóill in atmaisféir atá i mbaol de dheasca gás mianaigh agus/nó deannach guail
67.	EN 50381:2004 Seomraí aeráilte iniompartha a bhfuil nó nach bhfuil foinse inmheánach scaoilte acu EN 50381:2004/AC:2005
68.	EN 50495:2010 Gairis sábháilteachta atá riachtanach chun go bhfeidhmeoidh trealamh go sábháilte i ndáil le rioscaí pléasccha
69.	EN IEC 60079-0:2018 Atmaisféir phléascacha - Cuid 0: Trealamh - Ceanglais ghinearálta (IEC 60079-0:2017)

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
70.	EN 60079-1:2014 Atmaisféir phléascacha - Cuid 1: Cosaint trealaimh trí iniaimh lasairdhíonacha “d” (IEC 60079-1:2014)
71.	EN 60079-2:2014 Atmaisféir phléascacha - Cuid 2: Cosaint trealaimh trí iniamh brúchóirithe “p” (IEC 60079-2:2014) EN 60079-2:2014/AC:2015
72.	EN 60079-5:2015 Atmaisféir phléascacha - Cuid 5: Cosaint trealaimh trí líonach púdair “q” (IEC 60079-5:2015)
73.	EN 60079-6:2015 Atmaisféir phléascacha - Cuid 6: Cosaint trealaimh trí thumadh leachta “o” (IEC 60079-6:2015)
74.	EN 60079-7:2015 Atmaisféir phléascacha - Cuid 7: Cosaint trealaimh trí shábháilteacht mhéadaithe “e” (IEC 60079-7:2015) EN IEC 60079-7:2015/A1:2018
75.	EN 60079-11:2012 Atmaisféir phléascacha - Cuid 11: Cosaint trealaimh trí shábháilteacht intreach “i” (IEC 60079-11:2011)
76.	EN 60079-15:2010 Atmaisféir phléascacha - Cuid 15: Cosaint trealaimh trí chineál cosanta “n” (IEC 60079-15:2010)
77.	EN 60079-18:2015 Atmaisféir phléascacha - Cuid 18: Cosaint trealaimh trí imchochlú “m” (IEC 60079-18:2014) EN 60079-18:2015/A1:2017
78.	EN 60079-20-1:2010 Atmaisféir phléascacha - Cuid 20-1: Saintréithe ábhair le haghaidh aicmiú gáis agus gaile - Modhanna tástála agus sonraí (IEC 60079-20-1:2010)
79.	EN 60079-25:2010 Atmaisféir phléascacha - Cuid 25: Córais leictreacha atá sábháilte astu féin (IEC 60079-25:2010) EN 60079-25:2010/AC:2013
80.	EN 60079-26:2015 Atmaisféir phléascacha - Cuid 26: Trealamh ag a bhfuil Leibhéal Cosanta Trealamh (EPL) Ga (IEC 60079-26:2014)
81.	EN 60079-28:2015 Atmaisféir phléascacha - Cuid 28: Trealamh agus córais tarchurtha a úsáideann radaíocht optúil a chosaint (IEC 60079-28:2015)
82.	EN 60079-29-1:2016 Atmaisféir phléascacha - Cuid 29-1: Brathadóirí gáis - Ceanglais feidhmíochta brathadóirí le haghaidh gáis inadhaite (IEC 60079-29-1:2016, (Modhnaithe))

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
83.	EN 60079-29-4:2010 Atmaisféir phléascacha - Cuid 29-4: Brathadóirí gáis - Ceanglais feidhmíochta brathadóirí conaire oscailte le haghaidh gáis inadhainte (IEC 60079-29-4:2009, (Modhnaithe))
84.	EN 60079-30-1:2017 Atmaisféir phléascacha - Cuid 30-1: Téamh rianaithe friotáíochta leictirí - Ceanglais ghinearálta agus ceanglais tástála (IEC/IEEE 60079-30-1:2015, (Modhnaithe))
85.	EN 60079-31:2014 Atmaisféir phléascacha - Cuid 31: Cosaint adhainte deannaigh trealaimh trí iniarnh "t" (IEC 60079-31:2013)
86.	EN 60079-35-1:2011 Atmaisféir phléascacha - Cuid 35-1: Solas caipín lena úsáid i mianaigh atá soghabhálach i leith gás mianaigh - Ceanglais ghinearálta - Tógáil agus tástáil i ndáil leis an mbaol pléascacha (IEC 60079-35-1:2011) EN 60079-35-1:2011/AC:2011
87.	EN ISO/IEC 80079-20-2:2016 Atmaisféir phléascacha - Cuid 20-2: Saintréithe ábhair - Modhanna tástála deannaigh indóite (ISO/IEC 80079-20-2:2016) EN ISO/IEC 80079-20-2:2016/AC:2017
88.	EN ISO/IEC 80079-34:2011 Atmaisféir phléascacha - Cuid 34: Córais cháilíochta a chur i bhfeidhm le haghaidh monarú trealaimh (ISO/IEC 80079-34:2011)
89.	EN ISO 80079-36:2016 Atmaisféir phléascacha - Cuid 36: Trealamh neamhleictreach le haghaidh atmaisféir phléascacha - Modh bunúsach agus ceanglais bhunúsacha (ISO 80079-36:2016)
90.	EN ISO 80079-37:2016 Atmaisféir phléascacha - Cuid 37: Trealamh neamhleictreach le haghaidh atmaisféir phléascacha - Cineál neamhleictreach cosanta i gcomhair sábháilteacht tógála "c", rialú foinsí adhainte "b", tumadh leachta "k" (ISO 80079-37:2016)
91.	EN ISO/IEC 80079-38:2016 Atmaisféir phléascacha - Cuid 38: Trealamh agus comhphárteanna in atmaisféir phléascacha i mianaigh faoi thalamh (ISO/IEC 80079-38:2016) EN ISO/IEC 80079-38:2016/A1:2018

IARSCRÍBHINN II

Uimh.	An tagairt don chaighdeán	Dáta an tarraingt siar
1.	EN 13012:2012 Stáisiúin pheitрил - Tógáil agus feidhmíocht buinní uathoibríocha lena n-úsáid ar dháileoirí breosla	3.9.2023
2.	EN 13617-1:2012 Stáisiúin pheitрил - Cuid 1: Ceanglais sábháilteachta maidir le tógáil agus feidhmíocht caidéal méadraithe, dáileoirí agus aonad caidéalaithe cianda	3.9.2023
3.	EN 13617-2:2012 Stáisiúin pheitрил - Cuid 2: Ceanglais sábháilteachta maidir le tógáil agus feidhmíocht bristeacha sábháilteachta lena n-úsáid ar chaidéil mhéadraithe agus ar dháileoirí	3.9.2023
4.	EN 13617-3:2012 Stáisiúin pheitрил - Cuid 3: Ceanglais sábháilteachta maidir le tógáil agus feidhmíocht comhláí fiartha	3.9.2023
5.	EN 13617-4:2012 Stáisiúin pheitрил - Cuid 4: Ceanglais sábháilteachta maidir le tógáil agus feidhmíocht sclóinte lena n-úsáid ar chaidéil mhéadraithe agus ar dháileoirí	3.9.2023
6.	EN 13760:2003 Córas líonta GPL mótarfeithiclí le haghaidh feithiclí éadroma agus feithiclí tromshaothair - Buinne, ceanglais tástála agus toisí	19.11.2023
7.	EN 14373:2005 Córais phlúchta pléisce	19.11.2023
8.	EN 15188:2007 Iompraíocht uathadhainte carn deannaigh a chinneadh	27.11.2022
9.	EN 15967:2011 Uasbhru pléasccha agus an t-uasráta ardaithe brú gás agus gal a chinneadh	29.3.2024